



Réiteach ciallmhar ar iompar leictreachais

'Ionsaí na bpiolón...'

'Tuigim cás na ndaoine maidir le leictreachas a iompar ó chumhachtstáisiún leictreachais Moneypoint go dtí an chósta thoir. Is drochscéal é agus is mór an tuafás don timpeallacht é, i mo thuairim. Tá an cuma ar na piolón seo go bhfuil siad ag máirseáil trasna na tíre. Is cosúil le harm iad atá ar an ionsaí agus iad ag dul i líne caol díreach thar cnoic, thar gleanntáin, trasna gleannta, trí choillte agus gan aon mheas acu ar chomh gránna is atá siad sa taobh tíre.'

'Tá an comhshaol scriosta ag na piolón mhóra ghránna atá á gcur suas faoi láthair gan amhras. Tá cnoic stairiúla á milleadh i mo dháilcheantar ag na piolón mhóra leictreacha seo.'

'Scríosann a leithéid de cháblaí áilleacht nádúrtha an chomhshaoil nuair a chuirtear ós cionn talún iad. Is léir nach bhfuil a dhóthain cleachtadh ann cáblaí a shuiteáil faoi thalamh ... cé go d'fhéadfadh BSL níos mó a dhéanamh chun áilleacht nádúrtha ár gcomhshaoil a chaomhnú ar an mbealach seo

Tuairimí ó phríomhpholaitoirí i ndíospóireacht sa Dáil ar Bhille Leictreachais (Soláthar) (Leasú), Márta 1985

Arna fhoilsiú ag

NORTH EAST PYLON PRESSURE

Bosca PO 106, An Uaimh, Co. na Mí, Éire
GLUAISEACHT I GCOINNE NA BPIOLÓN
SAN IARTHUAISCEART
www.pylonpressure.ie
ríomhphost: info@pylonpressure.ie



Faoi thalamh an bealach is fearr

Arna chióbnuadh ar pháipéar nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol



CLÁR

	Leathanach
Réamhrá	3
Dúshlán	4
Feachtas NEPP	5
An cás i bhfabhar suiteáil faoi thalamh	
Sláinte	6
An comhshaol agus an éiceolaíocht	7
Talmhaíocht	8
Díluacháil na talún agus na maoinne	9
Éifeacht ar an radharc agus ar an turasóireacht	10
An oidhreacht agus an tírdhreach	11
I dtreo suiteáil faoi thalamh a bhaint amach	
Dúshlán ó thaobh teicneolaíochta agus ó thaobh costais de	12
Anailís costais is tairbhe	13
Faoi thalamh an bealach is ciallmhaire	14
Eagraíochtaí a bhfuil tionchar acu ar ár bhfeachtas	15
Sonraí teagmhála NEPP	16

Réamhrá

Seasann an Ghluaiseacht i gcoinne na bPíolón san Oirthuaisceart (NEPP) do mhuintir an Oirthuaiscirt, sé sin, Contae Muineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí, a mholann go suiteálfaí na cáblaí leictreachais ardchumhachta atá molta ag EirGrid faoi thalamh. Tá thar tríocha coiste gníomhacha againn ar fad i mbailte, i sráidbhailte agus i bparóistí. Mar sin tá ionadaíocht againn don 45,000+ duine a d'fhéadfadh fulaingt de bharr mholtaí EirGrid. Ní agóideoirí ghairmiúla muid. Is gnáthdhaoine muid atá i mbun feachtais de bharr na bagairte atá curtha inár n-éadan. Nílimid i gcoinne cur chun cinn. Go deimhin, bheimis go láidir i bhfabhar níos mó leasa a bhaint as leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Táimid i bhfabhar greille leictreachais náisiúnta neartaithe freisin. Ach nílimid i bhfabhar aon phlean a chuirfidh saol agus sláinte daoine i mbaol nó a dhéanfaidh dochar doleasaithe dár gcomhshaol, dár n-oidhreacht agus dár slí bheatha.

Tá pobail na tuaithe thar a bheith míshásta i dtaobh na saincheiste seo agus leis an tslí ina bhfuil an próiseas comhchomhairleach á rith. Ba mhaith le hEirGrid seanteicneolaíocht nach bhfuil sábháilte agus a bhfuil cuma gránna air a bhrú orainn. Is éard atá uainn san fheachtas seo ná féachaint le hionadaithe tofa agus le heagrais phoiblí, a bhfuil sé de chúram orthu moltaí EirGrid a mheas agus a athbhreithniú, a chur ar an eolas sa chaoi is go bhfeicfidh agus go dtuigfidh siad fíorluach na straitéise a mholann na cáblaí a shuiteáil faoi thalamh. Sa leabhrán seo, léirímid na fáthanna atá againn a mholadh go ndéanfaí na cáblaí leictreachais ardchumhachta atá molta ag EirGrid don Oirthuaisceart a shuiteáil faoi thalamh, i gContae Muineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí. Tá súil againn go mbaineann sibh eolas agus leas as an leabhrán seo. Táimid ag braith ar bhur dtacaíocht le cinntiú go ndéanfar suiteáil faoi thalamh ar gach líne chumhachta ardvóltais ós cionn talún atá molta, mar tá dualgas orainn an taobh tíre a chosaint le haghaidh an ghlúin seo agus na glúnta atá le teacht amach anseo.



Aimee Treacy, NEPP



Francis Lally, NEPP

Faoi thalamh an bealach is fearr

AN DÚSHLÁN ATÁ ROMHAINN

Tá Margadh Leictreachais Aonair i bhfeidhm ar oileán na hÉireann faoi láthair agus i gceann roinnt bhlianta leathnófar é sa chaoi is go mbeidh an Bhreatain Mhór agus mórhíir na hEorpa san áireamh freisin. Táthar ag iarraidh praghsanna a ísliú trí iomaíocht a mhéadú sa mhargadh leictreachais, trí impórtáil agus easpórtáil leictreachais ó oileán na hÉireann a cheadú agus trí sholáthar níos cinntí a chur ar fáil. Chun an margadh a fhorbairt, tógfar dhá idirnascaire ar ghrinneall na farraige idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór agus ceann eile ó Mhaigh i gContae Thír Eoghain go Baile an Bhóthair i gContae na Mí.

An Idirnascaire Thuaidh-Theas

Is éard atá molta ag EirGrid agus iad ag comhoibriú le Northern Ireland Electricity (NIE) ná idirnascaire leictreachais Thuaidh-Theas a thógáil trí Chontae na Mí, Chontae an Chabháin, Chontae Muineacháin agus Contae Thír Eoghain, ag úsáid línte cumhachta ardvóltais 400kV ós cionn talún agus ag úsáid túir phiolóin ag costas a mheastar a bheith ag €280 milliún. Tá trí chonair-bhealach roghnaithe. Roghnaíodh iad seo agus na línte a shuiteáil ós cionn talún gan féachaint ar an rogha na cáblaí a shuiteáil faoi thalamh ar chor ar bith.

An Staidéar ar Ghreille Uile-Oileán

In Eanáir 2008, d'fhoilsigh An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Staidéar ar Ghreille Uile-Oileán, a leag amach straitéis ina bhféadfaimis 42% den leictreachas a bheadh de dhíth orainn a ghiniúint ó acmhainní in-athnuaite. Éilíonn sé seo uasghrádú mór ar an ngréasán tarchur leictreachais agus meastar go mbeidh costas infheistíochta de €10 billiún i gceist idir tionscal poiblí agus tionscal príobháideach.

Ina theannta sin, d'fhógair BSL Clár Forbartha ar fiú €22 billiún é agus a mhairfidh go dtí 2020. Úsáidfear a leath, nó €11 billiún, ar chumas ghinte leictreachais BSL a aistriú ó bhreoslaí iontaise, ar nós gás agus gual, go foinsí in-athnuaite. Ó tharlaíonn go nginfean an fuinneamh go príomha ar ghrinneall an Atlantaigh san Iardheisceart agus san Iarthar, beidh gá le thart ar 650 ciliméadar breise de línte ardvóltais agus beidh gá le túir phiolóin atá 30 méadar in airde chun an chumhacht a iompar. Beidh gá le 5,000 ciliméadar breise de línte dáileacháin ós cionn talún chomh maith.

Cé gur ghlac sé dhá bhliain an Staidéar ar Ghreille Uile-Oileán a chríochnú agus cé gur caitheadh €1 milliún d'airgead na níocóirí cánacha san áireamh, níor féachadh ar fhéidearthacht na línte tarchur ardvóltais bhreise a shuiteáil faoi thalamh ar chor ar bith.

D'fhéadfadh go mbeadh trom-éifeacht dhiúltach ag na pleananna idirghaolmhara agus idirnasctha seo ar ár dtaobh tíre. Ach in ainneoin sin, is beag an mheabhraíocht agus an díospóireacht atá déanta ar an saincheist seo a bhfuil tábhacht ar bhonn náisiúnta ag baint leis.

GLUISEACHT I GCOINNE NA BPIOLÓN SAN OIRTHUAISCEART (NEPP) – ÁR BHFEACHTAS

Bunaíodh NEPP i Samhain 2007 mar thoradh ar chomhairc mhór na ndaoine maidir le fógart plean EirGrid idirnascaire Thuaidh-Theas a thógáil idir Contae na Mí agus Contae Thír Eoghain. Tá an-míshuaimhneas agus imní ar dhaoine i gContae na Mí, i gContae an Chabháin agus i gContae Muineacháin maidir leis na moltaí idirnascaire Thuaidh-Theas a shuiteáil ós cionn talún ag úsáid línte cumhachta ardvóltais 400kV. Tá comhaontas láidir ann i measc na ndaoine seo gur chóir an idirnascaire a shuiteáil faoi thalamh in ionad línte cumhachta tarchur a bheith ós cionn talún.



Is iad seo a leanas cuspóirí ár bhfeachtas:

- Cúis réasúnach, chomhtháite agus chuimsitheach a chur le chéile maidir le cáblaí a shuiteáil faoi thalamh
- Tionchar a chur ar an bpróiseas polaitiúil chun comhaontú a bhaint amach don straitéis a mholann suiteáil a dhéanamh faoi thalamh
- Athrú beartais a bhaint amach trí fheachtas thacaíocht an phobail agus chumhacht na ndaoine
- Cur in aghaidh an pholasaí shuiteála ós cionn talún atá ag EirGrid, an bealach oibre atá acu, na hamlínte atá siad ag iarraidh a chur i bhfeidhm agus na paraiméadair theicniúla a bhaineann lena bplean

AN CÁS I BHFÁBHAR SUITEÁIL FAOI THALAMH

Is iad seo a leanas na gnéithe dearfacha a bheidh ann mar thoradh ar shuiteáil na gcáblaí faoi thalamh:

- Maolófar an eagla agus an imní atá orainn maidir leis na rioscaí sláinte
- Déanfar freastal níos fearr ar na freagrachtaí atá orainn maidir le cúrsaí comhshaoil agus éiceolaíochta
- Ní ghearrfar pionós ar thionscal talmhaíochta nó ar fheirmeoireacht nó ar phobail na dtionscal sin
- Ní bheidh díluacháil ár dtalún agus ár maoinne ann
- Gaomhnófar an tionscal turasóireacht agus áiteanna a bhfuil áilleacht thar an ngnáth ag baint leo
- Cosnófar ár n-oidhreacht agus ár dtírdhreach

Sna rannóga a leanann, déanfar achoimre faoi theidil thábhachtacha ar na príomhphointí a ghabhann le suiteáil a dhéanamh faoi thalamh.

Faoi thalamh an bealach is fearr



SLÁINTE

Tá dhá phríomhcheist ann:

- An imní faoi na fadhbanna sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann le línte cumhachta ós cionn talún
- Na fadhbanna sláinte a bheidh ag daoine ón strus agus ón imní de bharr a bhfiosceacht leis na línte seo. Creideann tromlach na ndaoine agus cuid mhaith de phríomhs haineolaithe go bhfuil drochthionchar ag réimsí leictreamaighnéadacha ó línte leictreachais atá suiteáilte ós cionn talún ar an tsláinte.

Saincheisteanna atá mar chúis imní ag an phobal

- Rangaíonn an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Taighde ar Ailse go bhfuil baol “carcanaigin fhéideartha (grúpa 2b)” ann go mbeadh leicéime ag daoine i rith na hóige mar gheall ar línte tarchur ardvóltais bhreise ós cionn talún.



- Ba chóir go mbeadh leibhéal na dtairsí suite i bhfad níos ísle i dtaobh nochtadh na ndaoine i réimsí leictreamaighnéadacha ná an leibhéal ag a bhfuil baol taifeadta ann gur féidir go mbeadh leicéime ag daoine i rith na hóige. Níl seo sna teorainneacha géillte idirnáisiúnta áfach mar tá siad 250 uair níos airde ná na leibhéil ag a mbreathnaítear go bhfuil an baol go mbeadh leicéime ag daoine i rith na hóige dúbailte ar fad.
- Foilsíodh 107 páipéar eolaíochta i bhfoilseacháin údarásacha eolaíochta ón mbliain 2000. Fuarthas nasc idir réimsí leictreamaighnéadacha agus cineálacha éagsúla ailse i seasca naoi de na páipéir sin. Bhí toradh éiginnte ar thríocha díobh agus ní raibh ach ochtar díobh nár thaispeáin nasc idir an dá rud.

- Fuarthas gur mhéadaigh an baol go bhfaigheadh leanbh leicéime faoi 69% dá mbeadh cónaí orthu i bhfiosceacht 200 méadar de línte ardcumhachtaa nó gur mhéadaigh sé faoi 20% ar an meán in áit cónaí i bhfiosceacht 600 méadar i dtaighde trombhrioch a rinne an tOllamh Draper ó Ollscoil Oxford i 2005. Diúltaíonn EirGrid tiomnú a thabhairt fiú go suiteáil na línte ar a laghad 50 méadar, gan eisceacht, ó áiteanna cónaí atá ann faoi láthair.
- Nótáladh i dtuarascáil ar réimsí leictreamaighnéadacha a rinne Grúpa Chomhairleach Gheallsealbhóirí Rialtas na Breataine Móire i 2007 go bhfuil anailís costais is tairbhe de 1:50 ann do gach aon fhadhb sláinte. Is é sin go bhfuil forchúitiú ar luach de €50 milliún i bhfadhbanna sláinte le fáil ar an €1 milliún a d'fhéadfaí a chaitheamh ar laghdú na réimsí leictreamaighnéadacha chun-daoine a chosaint.

AN COMHSHAOL AGUS AN ÉICEOLAÍOCHT


Is ceist lárnach í ceist an athrú aeráide agus ár bhfreagrachtaí maidir le cur amach gáis thithe gloine. Bheadh sé i bhfad níos freagraí ó thaobh an chomhshaoil de an t-idirnascaire Thuaidh-Theas agus aon líne d'ardvóltais bhreise atá molta amach anseo a shuiteáil faoi thalamh ná líon na bpiolón atá a thógáil ós cionn talún a mhéadú. Tá roinnt fáthanna a ghabhann leis seo:

Beidh laghdú in astuithe gáis cheaptha teasa ann tríd an laghdú i gcaillteanas tarchur cumhachta:

- Laghdaíonn an méid cumhachta a ghintear trí chaillteanas tarchur cumhachta agus bíonn gá le níos mó breosla a dhó, agus mar sin déantar níos mó dochar don chomhshaoil. Is féidir a rá go bhfuil an méid cumhachta a chailltear ar línte tarchuir san Eoraip cothrom le fuíoll thart ar 20 milliún tonna gual, fuíoll thart ar 3.1 milliún tonna gás agus fuíoll thart ar 1.7 milliún tonna ola ar fad. Tá ardú bliantúil de thart ar 60 milliún tonna de charbón dé-ocsaíd tagtha ar astuithe gáis cheaptha teasa. I dtíortha áirithe d'fhéadfadh caillteanas tarchur cumhachta a bheith chomh hard le 21% de bharr infreastruchtúr in bhfuil seanchlaochladáin agus seanlínte acu. Tá caillteanas ón ngréille in Éirinn níos airde ná an meán Eorpach.

Laghdófar lorg an charbóin trí níos lú talamh agus ábhar a úsáid:

- Fágann cáblaí faoi thalamh agus línte ós cionn talún lorg an-éagsúil ó chéile tríd an taobh tíre nuair atá siad suiteáilte. Tá gá le fearbán de thart ar 60 méadar ar leithead a choinneáil slán seasta d'obair shábháilteachta, cothabháil agus deisiúcháin a dhéanamh ar líne atá ós cionn talún i gcomparáid le 10 méadar ar leithead do chábla faoi thalamh leis an chumas céanna.
- Úsáidtear an-chuid cruach agus coincréite i dtógáil agus i suiteáil na bpiolón ós cionn talún, rud a chuireann go mór le lorg an charbóin a fhágtar, i gcomparáid leis an dul chun cinn mór atá déanta i gcás suiteáil faoi thalamh.



Ní fadhb é truailliú torainn le cáblaí faoi thalamh mar atá le línte ós cionn talún

- Tá torann ar cheann de na cineálacha truailliú is forleithne ar domhan inniu. Cuireann línte ardvóltais bhreise ós cionn talún le truailliú torainn.

Níl an fhiabheatha, éanlaith ach go háirithe, in ndainséar imbhualite nó báis ón leictreachas nuair atá an suiteáil déanta faoi thalamh

- Tá trí phríomhdhainséar agus guais ann d'éanlaith nuair atá línte cumhachta ós cionn talún: an baol báis ó theagmháil leis an leictreachas, an baol imbhualite agus an baol go gcaillfidis caighdeán ard a ngnáthóg in áiteanna a mbíonn siad lena n-óg nó i rith an gheimhridh.



Faoi thalamh an bealach is fearr



TALMHAÍOCHT

Is tionscail chomhtháite iad talmhaíocht agus feirmeoireacht sa réigiún ina mbeidh an tidirnascaire Thuaidh-Theas atá molta. Tá feirmeoirí agus úinéirí talún i gcoinne suiteáil na bpiolón ar a gcuid talún. Tá roinnt chúiseanna phraiticiúla i gceist:

Déanann túir agus línte piolóin atá ós cionn talún an-dochar don fheirmeoireacht agus bíonn siad sa bhealach ar fheirmeoirí:

- Cuireann túir phiolóin atá ós cionn talún isteach go mór ar fheirmeoirí, ní amháin agus iad á dtógáil ach nuair atá siad seasta. Tá a fhios ag gach duine bainteach le feirmeoireacht cé mhéid trioblóide agus cé mhéid ama a chuirtear amú ag iarraidh obair le meaisín agus talamh a fheirmiú thart ar chuailí, gan trácht ar phiolóin. Cuireann suiteáil faoi thalamh deireadh leis na fadhbanna seo ar fad go deo.
- Cuireann siad isteach **ar shláinte agus ar shábháilteacht na bhfeirmeoirí agus a gcuid fostaithe**. Is iad na feirmeoirí agus a gcuid fostaithe is mó a bheidh i mbaol le línte cumhachta ós cionn talún. Beidh imní ar an ngnáthphobal faoin fhad atá siad ó na línte ach beidh ar fheirmeoirí dul i mbun a gcuid oibre fúthu agus thart timpeall orthu gach lá.
- Tá staidéir líonmhara déanta a thaispeánann **an drochthionchar atá ag línte cumhachta ós cionn talún ar bheostoc, ar eallach folaíochta agus go deimhin ar bharráí**. Tá fios go forleathan go bhfuil éifeacht diúltach ag a leithéid de línte cumhachta ar eallach folaíochta sa chomharsanacht. Chomh maith le sin tá taifead déanta ar éifeacht aimhleasach na línte cumhachta ós cionn talún ar raon speiceas, mar shampla an bheach, a dtéann a gcéadfaí treo-aimsitheacha amú orthu.

- Tá an-imní ar fheirmeoirí faoi **shaincheisteanna dlí a d'fhéadfaí a tharraingt orthu** amach anseo. Baineann seo leis an éiginnteacht atá ann sa dlí faoin nasc a d'fhéadfaí a bheith ann idir úinéireacht thalún agus freagracht maidir le fadhbanna sláinte a d'fhéadfadh comharsa nó daoine i dtithe comharsana tabhairt ina gcoinne áit a mbeidh piolóin i bpáirc an fheirmeora.



DÍLUACHÁIL NA TALÚN AGUS NA MAOINE


Tá staidéir déanta thar na caoga bliana atá caite chun éifeacht línte cumhachta ós cionn talún ar luach mhaoin chónaithe agus ar luach talún atá i bhfoisceacht na dtúr piolón a mheas. Léiríonn na torthaí agus na staitisticí i gcas go leor de na staidéir seo go bhfuil drochéifeacht shuntasach ag línte cumhachta ar luach talún agus maoin. Léiríonn siad chomh maith an drochéifeacht shuntasach atá ag línte ós cionn talún ar mhaoin nuair atá radharc éaguimsithe acu ar na línte sin.

Tá thar seasca staidéar déanta thar na caoga bliana atá caite chun éifeacht línte cumhachta ós cionn talún ar luach mhaoin chónaithe atá ina bhfoisceacht a mheas.

An fhadhb is mó a ainmnítear agus a luaitear i gcásanna cúirte sna Stáit Aontaithe ná an laghdú i luach an tí ar an margadh, go nglacann sé níos faide iad a dhíol agus go bhfuil laghdú sa líon a dhíoltar. Go minic dúradh go raibh drochthionchar ag gránnacht, truailliú radharc agus torainn ar luach na maoin.

Thaispeáin staidéar a rinneadh sa Bhreatain Mhór i 2007 go raibh luach maoin aonair suite faoi 100m ó línte tarchuir ós cionn talún 38 fan gcéad níos ísle ná maoin inchomórtais. Is féidir díluacháil a fheiceáil in áiteanna chomh fada le dhá chiliméadar go leith óna leithéid de línte.

Maidir le gabháiltais neamhchónaitheacha, rinneadh dianstaidéar cuimsitheach i gCeanada thar 20 blian ó shin agus fuarthas go raibh an luach in aghaidh na hacra i ndíolachán breis agus 1,000 maoin thalmhaíochta 16-29 fan gcéad níos ísle nuair a bhí faille ar línte tarchuir orthu i gcomparáid le maoin nach raibh.



Faoi thalamh an bealach is fearr

ÉIFEACHT AR AN RADHARC AGUS AR AN TURASÓIREACHT

Tá gaol láidir idir todhchaí na turasóireachta agus ardchaighdeán an chomhshaoil in Éirinn. Tógadh margadh na turasóireachta in Éirinn ar áilleacht suaithinseach an tírdhreacha, na naibhneacha agus na lochanna chomh maith leis an oidhreacht chultúr. Déantar margaíocht láidir ar fud an domhain ar “tírdhreach álainn nádúrtha” agus ar “chomhshaoil” na hÉireann.

In 2006, d’ardaigh líon measta na dturasóirí ón iasacht go 7.4 milliún; saothraíodh €4.7 billiún in iomlán ó thurasóireacht ar na margaí eachtrannacha; agus tagann 12% d’fhostaíocht in Éirinn ón earnáil turasóireachta agus soicill. Dearbhaíonn ceistneoirí bliantúla a líonann cuairteoirí arís is arís eile gurb í an íomhá ghlas agus ghlan is mó a mheallann anseo iad. In 2006:

- **Dúirt 80% de thurasóirí go raibh áilleacht na hÉireann an-tábhachtach** sa chinneadh a rinne siad le teacht ann;
- **Dúirt 74% go raibh siad tógtha leis an comhshaoil nádúrtha neamhthruaillithe;** agus
- **D’aontaigh 75%** de thurasóirí ón iasacht leis an ráiteas **“gur áit ghlan agus ghlas í Éire”**.
- Cheistigh Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann (NITB) 1,400 turasóir ón iasacht agus turasóir baile faoi phiolóin leictreachais, faoi chranna gutháin phóca agus faoi feirm ghaoithe. De réir Fáilte Éireann, “measann tromlach na dturasóirí go mbeadh drochthionchar ag piolóin leictreachais ar tírdhreach na hÉireann”.



Dúirt Fáilte Éireann freisin go mb’fhearr leo go mbeadh cáblaí faoi thalamh thar línte tarchur leictreachais a bheith ós cionn talún’.

Beidh drochthionchar ag tógáil línte tarchur ardvóltais bhreise Thuaidh-Theas ar thurasóireacht sa réigiún. Chomh maith le sin tá an drochthionchar a bheith ar ghníomhaíochtaí a mheallann turasóirí, ar nós iad seo a leanas:

Gníomhaíochtaí Eachtracha: Thug úinéirí graíonna agus ionaid mharcaíochta a gcúiseanna agóide arís is arís maidir le suiteáil na bpiolón ós cionn talún i bhfoisceacht a gcuid talún. Tá dlúthbhaint ag a nimní le cúrsaí sláinte na neallach folaíochta.

Iascaireacht: Tá go leor abhann agus loch ar gach ceann do na trí bhealaigh atá molta ag EirGrid, agus tá líon suntasach de thurasóirí iascaireachta ag triall orthu. Ina measc tá an Abhainn Dubh, An Bhóinn, Loch Uachtair, aibhneacha na Sionainne agus na hÉirne.

Balúin d’aer te: Is príomh-áit eitleilte bhalúin d’aer te in Éirinn í Contae na Mí. Eitlíonn siad go han-iseal de ghnáth agus is cinnte go nardóidh an baol teagmhála go háirithe áit a mbeidh go leor línte cumhachta ann.

Tá sé tábhachtach go gcloítear leis na critéir maidir le tionchar ar an radharc atá leagtha síos i bpleananna forbartha chontaetha Muineacháin, an Chabháin agus na Mí agus i gcomhthéacs na gconair-bhealaí ós cionn talún atá molta.

AN OIHDREACHT AGUS AN TÍRDHREACH

Tá nasc dofhuascailte ann idir ár n-oidhreacht agus ár bhféiniúlacht mar dhaoine, mar phobal agus mar thír. **Cé go bhfuil ár n-oidhreacht dinimiciúil agus ag síorathrú, is sócmhainn í nach féidir athnuachan agus is acmhainn í a mbíonn bainistíocht chúramach agus feasach de dhíth uirthi.** Tá ról eisintiúil ag ár n-oidhreacht i slí bheatha ardchaighdeáin a chothú agus is buntaca lárnach an tionscail thurasóireachta í.

Tarlaíonn sé go bhfuil oidhreacht láidir ag an Oirthuaisceart, suíomhanna a bhfuil tábhacht seandálaíochta ar bhonn domhanda ag baint leo agus tírdhreacha álainn a bhfuil gá le cosaint a dhéanamh orthu roimh struchtúir a scriosfaidh an radharc sin orainn.



Is é an tOirthuaisceart príomhcheantar oidhreachta na tíre. Tá suíomhanna ann a bhfuil clú domhanda orthu ar nós Teamhair agus Brú na Bóinne, ceann den dá shuíomh oidhreachta atá againn sa tír a bhfuil tábhacht domhanda ag baint leo. Tá oidhreacht uathúil nádúrtha tógtha agus seandálaíochta i gContae Muineacháin. Ar na gnéithe uathúla seo tá an tírdhreach muineach as a dtagann ainm an chontae. De bharr an tírdhreach muineach seo, tá gnáthóga nádúrtha agus leath-nádúrtha de gach cineál ann ar a n-airítear gnáthóga slapracha, gnáthóga coillteacha, locha, aibhneacha agus gnáthóga ar thalamh ard a chothaíonn réimse leathan plandaí agus ainmhithe. Tá na suíomhanna seo thar a bheith

goilliúnach agus tig le haon athrú sa chothromaíocht éiceolaíochta dul i bhfeidhm orthu. Airítear ráthanna, cairn, crannóga agus éagliasanna ar oidhreacht shaibhir Chontae Muineacháin. Tá an suíomh ina moltar fó-stáisiún a thógáil i gContae an Chabháin ar cheann de na réigiúin is áille agus is goilliúnaí sa tír ó thaobh an comhshaoil de. Tá an áit báite in oidhreacht. Tá cáilíocht faighte aige mar Shuíomh Náisiúnta Oidhreachta agus titeann sé faoi pholasaí speisialta i bplean Forbartha an Chabháin 2009-2015.

Ta na céadta gnéithe éiceolaíochta liostaithe ar na conair-bhealaí atá molta.

Ní mhaithfidh na glúnta atá le teacht dúinn é comhshaoil speisialta agus tírdhreach ardchaighdeáin na hÉireann a scrios nuair nach bhfuil gá leis. Creideann an feachtas s’againne gur oidhreacht chuí a bheadh ann freastal ar an bhforbairt eacnamaíochta ach, chomh maith leis sin, am a chaitheamh ag cosaint tírdhreach na hÉireann, sócmhainn nach féidir a athchur.

Faoi thalamh an bealach is fearr



DÚSHLÁN Ó THAOBH TEICNEOLAÍOCHTA AGUS Ó THAOBH COSTAIS DE

Línte tarchur suiteáilte ós cionn talún is mó atá in úsáid le haghaidh córais tarchur leictreachais le breis agus céad bliana anuas. Bhí buntáiste costais ann i gcomparáid le tarchur ardvóltais faoi thalamh agus b'shin an phríomhchúis a bhí leis. Go deireadh na 90'aidí bhí an phríomh chostais seo mar bhac ar tharchur faoi thalamh agus é idir 5 agus 15 uair níos airde ná costais tarchur ós cionn talún mar a rinneadh go traidisiúnta. Tá an chomparáid seo as dáta cheana féin, áfach, agus d'fhéadfadh na costais seo a bheith chomh híseal le, nó cothrom le, nó b'fhéidir adúbail costas chaipitil suiteála na línte tarchur leictreachais. Tá seo le feiceáil ar mhéadú na húsáide atá a bhaint as cáblaí faoi thalamh ar fud an domhain agus san Eoraip ach go háirithe.

Tá roinnt ghnéithe taobh thiar don athrú seo:

- Tá méadú tagtha ar chostas agus ar am forfheidhmithe shuiteáil ós cionn talún de bharr teorainn comhshaoil. Sa dréachtphlean tarchuir dár teideal "Draft Transmission Plan 2007-2011", a d'fhoilsigh EirGrid i Meán Fómhair 2007, taispeántar go nglacann sé 4 bhlian ó dhearadh go suiteáil tionscadal cáblaí faoi thalamh a thabhairt chun críche i gcomparáid le 7.25 mblian le líne cumhachta 400kV a shuiteáil ós cionn talún. I ndáiríre tá an tréimhse 7.25 mblian á sárú anois agus go minic tá moill 10 go 15 blian ar shuiteáil ós cionn talún mar gheall go gcuireann úinéirí talún agus an pobal ina choinne.
- Tá forbairt déanta i dteicneolaíocht ag gnólachtaí ar nós ABB le roinnt bliana anuas rud a chiallaíonn go bhfuil laghdú suntasach tagtha i gcostas aonaid agus i gcostas caipitil maidir le suiteáil na línte cumhachta faoi thalamh. De bharr na teicnicí nua le cáblaí a chur faoi thalamh agus a shiúntú is féidir tionscadal ina bhfuil cáblaí le suiteáil faoi thalamh a thabhairt chun críche thar tréimhse míonna in ionad tréimhse blianta roimhe seo.
- Go ginearálta glacann an tionscal leis go bhfuil cáblaí faoi thalamh i bhfad níos iontaoifa, go bhfuil costais chothabhála níos lú ag baint leo agus go maireann siad níos faide. Dearbhaíonn roinnt staidéar atá déanta chomh hiontaoifa is atá tarchur faoi thalamh:
 - Fuarthas go bhfuil ráta na mbristeachta i gcás cáblaí faoi thalamh 50% níos ísle ná an ráta céanna i gcás cáblaí ós cionn talún (North Carolina Utilities Commission, Samhain 2003)
 - Fuarthas nach dtarlaíonn bristeacht chomh minic céanna agus ar feadh tréimhse chomh fada céanna ag córais faoi thalamh a fhreastalaíonn d'fhóntais uirbeacha (Maryland Public Service Commission, Feabhra 2000)
 - Fuarthas go raibh 80% níos lú bristeacht ag córais ardvóltais faoi thalamh ná mar a bhí ag línte cumhachta ós cionn talún (Rialtas na hAstráile, Samhain 1998)

Mar thoradh air seo, laghdaíodh costais chothabhála go 10% den chostas a bhaineann le obair chothabhála ar línte cumhachta ós cionn talún.

- Monatóireacht fheabhsaithe:** Ionas gur féidir am bristeachta a laghdú, thig le hoibreoirí córais cumhachta monatóireacht a dhéanamh ar na cáblaí faoi thalamh ag úsáid céadfaigh teochta a shuiteáiltear leis na cáblaí. Dá mbeadh locht i gcábla, rud nach dtarlódh ach go hannamh, thioctadh leo teacht ar na lochtanna sin agus ar an áit ina mbeadh siad, taobh istigh de réimse mhéadair, caol díreach trí ardmhonatóireacht, agus bheidís in ann iad a dheisiú i dtréimhse ama i bhfad níos giorra ná mar a bhíodh.

ANAILÍS CHOSTAIS IS TAIRBHE

Nuair a dhéantar anailís ar thionscadal cumhachta, **caithfear féachaint ar na costais thar saolré an chórais atá á suiteáil** chomh maith leis na costais a foctar ag an tosach:

- Íoctar costais ar leith ag tosach tionscadail.
- Áirítear costais chothabhála agus costais chaillteanas tarchuir cumhachta le himeacht ama ar na costais a thabhaítear thar saolré an chórais chomh maith leis an gcostas a íoctar ag an tosach.

Cosnaíonn aon chineál córas éifeachtach sa lá ata inniu ann níos mó ag an tosach ach san fhad téarma sábhálann siad airgead.

Cé go bhfuil costas togra áirithe ag baint le gach córas cáblaí, bheadh sé níos saoire i gcás cáblaí a ritheadh trí Muineacháin, an Cabhán agus an Mhí mar oireann dromchla chothrom na talún atá i gceist do shuiteáil cháblaí.

Scrúdaigh NEPP go leor patrún a d'fhéadfai a leanúint chun costais a phleanáil laistigh de na paraiméadar thuasluaite. Creideann NEPP nach mbeadh aon chostas breise i ndán don tomhaltóir fiú dá mbeadh an costas tógála 2.4 uair costas línte ós cionn talún thar saolré 30 bliana, bunaithe ar an laghdú i ráta caillteanas tarchuir amháin.

Measann NEPP nach mbeadh ar an tomhaltóir ach €2.20 in aghaidh na míosa a íoc ar an uasmhéid fiú dá mbeadh an costas 5 uair costas na línte a shuiteáil ós cionn talún, agus ní dócha é sin.



Faoi thalamh an bealach is fearr



FAOI THALAMH AN BEALACH IS CIALLMHAIRE

Tá ardú mór tagtha ar úsáid tarchur faoi thalamh ar fud an domhain. Faoi láthair tá thart ar 5,500 ciliméadar de cábla ardvóltais faoi thalamh san Eoraip. Le deich bliana anuas tá ardú 73.1% tagtha ar shuiteáil línte tarchuir faoi thalamh. Tá 19.43% dá gcuid línte tarchuir suiteáilte faoi thalamh anois ag an Danmhairg, mar shampla. Caithear 25% de línte ardeannaís a chur faoi thalamh sa Fhrainc anois. Fiú in Éirinn taispeáineann staitisticí ó EirGrid go bhfuil 5.01% dá línte féin faoi thalamh. Níos tábhachtaí ná sin, d'fhógair EirGrid cheana féin go bhfuil n i gceist acu cábla 30 ciliméadar a shuiteáil faoi thalamh ón Ros i gContae Bhaile Átha Cliath, go Baile an Bhóthair i gContae na Mí.



Na cáblaí roimh shuiteáil faoi thalamh.



Gearrann meaisín speisialta na bealaigh le han-bheagán suaitheadh.



Tosaíonn athghabháil na talún go luath tar éis shuiteáil na gcáblaí, fágtar an talamh glan agus saor ó phiolóin.

EAGRAÍOCHTAÍ A BHFUIL TIONCHAR ACU AR ÁR BHFEACHTAS

Eagrais déanta na mbreitheanna

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Freagrach as forbairt inbhuanaithe, bainistiú agus rialúchán na n-earnálacha cumarsáide, fuinnimh agus acmhainní. <http://www.dcmnr.gov.ie/>

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Freagrach as forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus an caighdeán saoil a fheabhsú tríd an gcomhshaoil agus an oidhrecht a chosaint, bonnagar a sholáthar, forbairt réigiúnach chothrom, agus rialtas maith áitiúil. <http://www.environ.ie/>

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

Eagras neamhspleách freagrach as bunsraith a chur ar fail do phróiseas rialaitheach oscailte, trédhearcach agus cuntasach do thionscal leictreachais na hÉireann. <http://www.cer.ie/>

EirGrid

Eagraíocht ar leithligh faoi úinéireacht an Stáit, a dhéanann an córas tarchuir a oibriú go neamhspleách ó BSL. <http://www.eirgrid.ie/>

BSL

Is corparáid reachtúil é BSL (Bord Soláthair an Leictreachais), a bunaíodh i 1927, a bhfuil 95% de faoi úinéireacht an Rialtais agus tá scaireanna eile i seilbh iontaobhais scair-rogha fostaithe. www.esb.ie

Eagraíochtaí a bhfuil tionchar acu

An Comhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

<http://www.debates.oireachtas.ie/>

Comhairle Chontae an Chabháin

Fáilte Éireann

Cumann Lúthchleas Gael

Irish Auctioneers and Valuers' Association

Bantracht na Tuaithe

Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

Macra na Feirme

Comhairle Chontae na Mí

Comhairle Chontae Muineacáin

An Chomhairle Oidhreachta

<http://www.cavancoco.ie/>

<http://www.failteireland.ie/>

<http://www.gaa.ie/>

<http://www.iavi.ie/>

<http://www.ica.ie/>

<http://www.icmsa.ie/>

<http://www.ifa.ie/>

<http://www.macra.ie/>

<http://www.meath.ie/>

<http://www.monaghan.ie/>

<http://heritagecouncil.ie/>

Faoi thalamh an bealach is fearr

